4663209213

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# Cuntas taisce (Banc Taisce Oifig an Phoist) Fógra Aistarraingthe

**TÁBHACHTACH** – Ba chóir na nótaí ar chúl an leathanaigh a léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm seo. Is réimse éigeantach é aon réimse ina bhfuil * agus ní mór é a chomhlánú.

## PAINÉAL A | SONRAÍ CUSTAIMÉARA

(1) Teideal* Céadainm(neacha)*

Sloinne*

Uimhir Theileafóin Teagmhála*

(2) Teideal* Céadainm(neacha)*

Sloinne*

Uimhir Theileafóin Teagmhála*

Seoladh* *(Má tá an seoladh difriúil ó sheoladh an chuntais chláraithe, comhlánaigh Painéal D & E ar chúl an leathanaigh le do thoil)*

Éirchód

## PAINÉAL B | TREOIR AISTARRAINGTHE

**RABHADH - Ní mór do Leabhar Cuntas Taisce a bheith faoi iamh leis an bhfoirm seo.**

Táim/Táimid, mar shealbhóir(í) an chuntais uimh. ag iarraidh € , , - a aistharraingt

**NÓ**

Más mian leat an cuntas a **dhúnadh** cuir X sa bhosca le do thoil

## PAINÉAL C | NÍ MÓR DO GACH SEALBHÓIR AN PAINÉAL SEO A SHÍNIÚ - féach nóta 1

Sínigh thíos le do thoil chun a dheimhniú gur léigh tú agus go dtuigeann tú na nótaí thall maidir le Fianaise ar Chéannacht agus Sonraí Pearsanta.

Síniú 1* Síniú — Dáta Breithe* L L M M B B B B — Dáta* L L M M B B B B

Síniú 2* Síniú — Dáta Breithe* L L M M B B B B — Dáta* L L M M B B B B

**Tuismitheoir/Caomhnóir ainmnithe sa chás gur mionaoiseach é sealbhóir an chuntais (faoi bhun 18 mbliana d'aois)**

First Name(s) — Sloinne

Síniú Síniú — Dáta L L M M B B B B

## LE HAGHAIDH ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

Leabhar Taisce san áireamh:

Síniú a sheiceáil:

Dáta aisíoctha: L L M M B B B B

Príomhshuim: € , , -

CHC:

Ús: € , , -

Gach doiciméad breise san áireamh:

Iomlán: € , , -

Seol ar ais chuig: Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

8262209212

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

## PAINÉAL D | ATHRÚ SEOLTA - féach nóta 2

Iarraim/Iarraimid oraibh mo sheoladh/ár seoladh ar Chuntas Uimh. a leasú

Seoladh nua (BLOCLITREACHA)

Éirchód

Ní mór doiciméad amháin reatha agus bailí cruthúnais ar ainm agus dhá dhoiciméad reatha cruthúnais ar sheoladh a chur san áireamh le gach iarratas ar Athrú Seolta, féach nóta 2.

## PAINÉAL E | NÍ MÓR AN CHUID SEO A SHÍNIÚ AGUS A FHIANÚ SA CHÁS GO BHFUIL PAINÉAL A COMHLÁNAITHE

**Deimhním/Deimhnímid, an sealbhóir/na sealbhóirí, an treoir atá sonraithe i bPainéal D**

Síniú(1)* Síniú

Síniú(2)* Síniú

**Finné** Deimhním gur shínigh an sealbhóir/na sealbhóirí atá ainmnithe thuas i mo láthair agus go bhfuil **doiciméid reatha agus bhailí cruthúnais ar ainm curtha ar fáil ag an sealbhóir/na sealbhóirí chomh maith le dhá dhoiciméad bhunaidh cruthúnais ar sheoladh baile (nach sine ná 6 mhí) a thaispeánann an seoladh nua atá luaite.** Déan tagairt le do thoil do Nóta 3 le haghaidh doiciméid aitheantais inghlactha. Deimhním freisin go ndearnadh fótachóipeáil ar na doiciméid cruthúnais a soláthraíodh agus go bhfuil na fótachóipeanna marcáilte mar 'doiciméid bhunaidh feicthe' agus go bhfuil siad faoi iamh leis an bhfoirm seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cruthúnas ar Ainm Clóscríobh* | Iarratasóir 1 | Iarratasóir 2 |
| Cruthúnas ar Ainm Tag* | Iarratasóir 1 | Iarratasóir 2 |
| Dáta Breithe an Chustaiméara* (de réir na ndoiciméad cruthúnais) | Iarratasóir 1 | Iarratasóir 2 |

**Tabhair faoi deara nach mór gach doiciméad cruthúnais bunaidh nó fótachóip deimhnithe[1] de na doiciméid cruthúnais bhunaidh a chur ar ais leis an bhfoirm seo chuig; Coigilteas Stáit na hÉireann, ARD-OIFIG AN PHOIST, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2**

Ainm an fhinné* (BLOCLITREACHA)

Uimhir Theileafóin Teagmhála Finné Uimhir*

Seoladh Finné* (BLOCLITREACHA)

Tábhachtach Stampa Oifigiúil Finné*

Síniú Finné* Síniú

Éirchód

Slí Bheatha Finné* (BLOCLITREACHA)

Dáta* D D M M Y Y Y Y

## IMPORTANT NOTES - To be read before filling out this form

### 1. EOLAS GINEARÁLTA

Comhlánaigh an fhoirm i mBLOCLITREACHA le dúch dubh nó gorm. Tabhair faoi deara gur réimsí éigeantacha iad na réimsí go léir ina bhfuil * agus ní mór iad a chomhlánú. Caithfidh gach Sealbhóir atá ainmnithe ar an gcuntas an t-iarratas seo a shíniú. Tá iarratais ar aisíocaíocht faoi réir fógra 7 lá oibre ón dáta a fhaightear iad. Seans go mbeidh orainn glaoch a chur ort chun sonraí a bhaineann le d'iarratas a shoiléiriú. Cuirfimid ceisteanna slándála i gcónaí chun d'aitheantas a dheimhniú agus chun sonraí d'iarratais a dheimhniú. Ní iarrfaimid ort go deo faisnéis a nochtadh ar nós do UPSP, sonraí Cuntais Bainc, Pasfhocail srl. Má tá aon amhras ort, cuir glaoch láithreach ar Fhoireann Coigilteas Stáit na hÉireann - 0818 20 50 60 / 01 705 7200.

Seolfar d'Aisíocaíocht chugat ag do sheoladh cláraithe. Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfear gach seic a lóisteail i gcuntas bainc in ainm(neacha) an íocaí/na n-íocaithe. Mar sealbhóir ar tháirge Coigilteas Stáit na hÉireann, ní mór duit d'aitheantas a dheimhniú do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) trí d'Ainm, Dáta Breithe agus doiciméid aitheantais (cruthúnas ar ainm agus seoladh) a sholáthar agus trí d'ainm a shíniú nuair a shonraítear é. Mura bhfuil fianaise ar do chéannacht curtha ar fáil agat chun ár sástachta roimhe seo, cuirfimid in iúl duit agus ní leanfaimid ar aghaidh le próiseáil d'Aisíocaíocht iarrtha go dtí go mbeidh fianaise ar do chéannacht faighte agus fíoraithe ag Coigilteas Stáit na hÉireann.

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe mar aon le haon doiciméid bhunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] de na doiciméid bhunaidh a sheoladh ar ais chuig:- **Coigilteas Stáit na hÉireann, SAORPHOST, Rannóg Aisíocaíochtaí, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.**

### 2. ATHRÚ SEOLTA

Ní mór doiciméid bhunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] de dhoiciméid bhunaidh mar seo a leanas a bheith ag gabháil le gach iarratas ar athrú seolta; doiciméad cruthúnais reatha agus bailí ar ainm AMHÁIN agus DHÁ dhoiciméad cruthúnais reatha agus bhailí ar sheoladh baile (nach sine ná 6 mhí) a thaispeánann an seoladh luaite nua. Tá na doiciméid cruthúnais inghlactha liostaithe i Nóta 3. Seolfar gach doiciméad bunaidh a sholáthraítear ar ais chugat. Má tá aon cheist nó deacracht agat maidir leis na doiciméid seo a sholáthar, déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200.

### 3. PAINÉAL FINNÉITHE & DOICIMÉID AITHEANTAIS INGHLACTHA

Mar sealbhóir ar tháirge Coigilteas Stáit na hÉireann, ní mór duit d'aitheantas a dheimhniú do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) trí d'Ainm, Dáta Breithe agus doiciméid aitheantais (cruthúnas ar ainm agus seoladh) a sholáthar agus trí d'ainm a shíniú nuair a shonraítear é. Sa chás go bhfuil Painéal D comhlánaithe, cinntigh le do thoil go gcomhlánaíonn tú agus go síníonn tú Painéal E. Cinntigh le do thoil freisin go bhfuil na doiciméid cruthúnais riachtanach go léir fianaithe go cuí, mar atá leagtha amach i bPainéal E, ag duine díobh seo a leanas: Oifigeach ó Oifig an Phoist, Ball den Gharda Síochána nó Aturnae cleachtach / Coimisinéir Mionnaí. Áirítear le doiciméid inghlactha cruthúnais ar sheoladh baile cóipeanna bunaidh nó cóipeanna [1]deimhnithe d'aon cheann díobh seo a leanas: Bille teaghlaigh (leictreachas, teileafón, gás) reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí), ráiteas Bainc, Cumann Foirgníochta nó Comhar Creidmheasa, doiciméad oifigiúil ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Áirítear le doiciméid inghlactha cruthúnais ar ainm cóipeanna bunaidh nó cóipeanna deimhnithe d'aon cheann AMHÁIN díobh seo a leanas: Ceadúnas Tiomána nó Pas AE reatha agus bailí. Seolfar gach doiciméad bunaidh ar ais chugat.

### 4. SONRAÍ PEARSANTA

Is é GBCN an rialaitheoir sonraí (chun críocha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus, le héifeacht ón 25 Bealtaine 2018, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)) le haghaidh na sonraí pearsanta go léir a sholáthraíonn tú. Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár dTéarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus Sonracha, lena n-áirítear bailiú agus próiseáil do shonraí pearsanta, déan teagmháil linn ag 0818 20 50 60 / 01 705 7200 nó ag service@statesavings.ie. Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir linn doiciméad sonrach faisnéise a chur ar fáil duit maidir lenár bpolasaithe um Fhianaise ar Chéannacht agus Sonraí Pearsanta arna iarraidh sin duit. Tá an doiciméad seo ar fáil freisin i d'Oifig an Phoist áitiúil.

*[1]Cóip Deimhnithe - Is féidir leat na doiciméid bhunaidh a thabhairt chuig aon Oifig an Phoist, áit ar féidir le hOifigeach de chuid Oifig an Phoist an bhunchóip a fhótachóipeáil lena dheimhniú gur cóip dhílis den bhunchóip é. De rogha air sin, is féidir leat na doiciméid bhunaidh a thabhairt chuig Comhalta den Gharda Síochána nó chuig Aturnae cleachtach/Coimisinéir Mionnaí, áit ar féidir leo an bunchóip a fhótachóipeáil agus é a stampáil chun a dheimhniú gur cóip dhílis den bhunchóip é.*